| | | |
|---|---|---|
| **1.** | Cad a rinne tú an tseachtain seo?<br>*Bhí mé ag ...*<br>*Chuaigh mé go (dtí an) ...*<br>*Chonaic mé ...*<br>*D'ith mé ...* | What did you do this week?<br>*I was at …*<br>*I went to (the) …*<br>*I saw …*<br>*I ate …* |
| **2.** | An maith leat an t-ealaíon? | Do you like art? |
| **3.** | Cén saghas pictiúr is maith leat? | What kind of paintings do you like? |
| **4.** | An bhfuil suim agat in ealaíontóir faoi leith? | Are you interested in a particular artist? |
| **5.** | An ndéanann tú féin ealaíon ar bith? | Do you do any art yourself? |

## Sorcha sa Ghailearaí (Catherine Foley) — Sarah in the Gallery

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Nuair a tháinig na boscaí móra ón Ollainn iarradh ar Shorcha déileáil leo. | When the big boxes came from Holland, Sorcha was asked to deal with them. |
| 2. | Bhí sé i gceist ag stiúrthóir an ghailearaí taispeántas Picasso a chur ar siúl ag tús mhí an Mheithimh. | The director of the gallery intended to put on a Picasso exhibit in the beginning of the month of June. |
| 3. | Bhí pictiúir an ealaíontóra cháiliúil sna boscaí. | The famous artist’s pictures were in the boxes. |
| 4. | Rinne Sorcha ionsaí orthu láithreach. | Sorcha attacked them right away. |
| 5. | Bhí uirthi an téad tiubh a ghearradh agus an téip a bhriseadh. | She had to cut the thick rope and break the tape. |
| 6. | Bhí páipéir ann chomh maith, iad istigh i mbosca amháin i gclúdach donn. | There were papers there too, inside one box in a brown envelope. |
| 7. | Bhí na foirmeacha ar fad le líonadh agus bhí uirthi gach rud a chur in ord. | All the forms had to be filled out and she had to put everything in order. |
| 8. | D’oibrigh sí go crua an lá sin. | She worked hard that day. |
| 9. | Ní raibh a fhios aici go dtarlódh dúnmharú de bharr an taispeántais seo. | She didn’t know that a murder would happen because of this exhibit. |
| 10. | Ní raibh a fhios aici go mbeadh sí féin i gcontúirt. | She didn’t know that she herself would be in danger. |
| 11. | Ní raibh a fhios aici céard a bhí i ndán di. | She didn’t know what was in store for her. |
| 12. | Bhí tuí sna boscaí. | There was straw in the boxes. |
| 13. | Lean sí uirthi ag tógáil na bpictiúr amach, ag breathnú orthu agus ag caint agus ag gáire le Dáithí, an stiúrthóir, nuair a chuireadh sé a cheann isteach. | She went on taking the pictures out, looking at them, and talking and laughing with Dáithí, the director, when he would put his head in. |
| 14. | “Ó, go hálainn, tá sé seo go hálainn,” a dúirt sí arís agus arís nuair a chonaic sí na pictiúir. | “Oh, lovely, this is lovely,” she said again and again when she saw the pictures. |

| | | |
|---|---|---|
| 15. | Bhí sí ar mhuin na muice ag obair san oifig. | She was in hog heaven working in the office. |
| 16. | Ní hamháin mar gheall ar na pictiúir ach mar gheall go raibh sí i ngrá le Dáithí ó bhí sí ina páiste. | Not only because of the pictures, but because she was in love with David since she was a child. |
| 17. | Rinne sí comhaireamh ar na pictiúir, bhí daichead a haon acu ann ar fad. | She counted the pictures; there were forty one of them altogether. |
| 18. | Cheap sí go riabh sé sin aisteach. | She thought that that was strange. |
| 19. | Ní raibh ach daichead le crochadh. | There were only forty to be hung. |
| 20. | D'fhéach sí orthu go cúramach, ceann i ndiaidh a chéile agus iad á dtógáil amach aici. | She looked at them carefully, one by one, as she took them out. |
| 21. | "Tá rud éigin aisteach anseo," a dúirt sí léi féin. | "There's something strange here," she said to herself. |
| 22. | Ni raibh éinne ann chun cabhrú léi. | There wasn't anyone there to help her. |
| 23. | Bhí Nicola Ní Neachtain, preasoifigeach an ghailearaí, ina hoifig féin ag caint le Ciarán Ó Floinn, a thagadh go minic chun rudaí príobháideacha a phlé léi. | Nicola O'Neachtain, the gallery press officer, in her own office talking with Ciaran O'Flynn, who would come often to discuss private things with her. |
| 24. | Bhí siad ina gcónaí le chéile tráth, ach bhí sé sin thart anois, de réir mar a thuig Sorcha an scéal. | They were living together once, but that was over now, as Sorcha understood the story. |
| 25. | Níor thaitin Ciarán le Sorcha. | Sorcha didn't like Ciaran. |
| 26. | Bhí sé drochbhéasach i gcónaí le lucht an ghailearaí. | He was always rude with the people at the gallery. |
| 27. | Ní raibh Nicola ró-chairdiúil le haon duine ach oiread, ach amháin Dáithí. | Nicola wasn't very friendly with anyone either, except David. |
| 28. | Agus bhí eagla ar Shorcha go raibh Dáithí ag titim i ngrá le Nicola. | And Sorcha was afraid that David was falling in love with Nicola. |

| | | |
|---|---|---|
| 29. | Bhí pictiúr amháin a sheas amach ó na pictiúir eile. | There was one picture that stood out from the other pictures. |
| 30. | Níor thuig Sorcha tábhacht an phictiúir go dtí gur thosaigh na Gardaí ag cur ceisteanna uirthi. | Sorcha didn't understand the importance of the picture until the Gardai began asking her questions. |
| 31. | Ach tharla sé sin seacht mí ina dhiaidh sin, agus thit go leor rudaí amach idir an dá linn ... | But that happened seven months after that, and a lot of things came about between the two times … |

| | **Ceisteanna** | **Questions** |
|---|---|---|
| 1. | Cad a tháinig don ghailearaí? | What came to the gallery? |
| 2. | Cén tír as a dtáinig siad? | Which country did they come from? |
| 3. | Cad a bhí istigh iontu? | What was inside them? |
| 4. | Cé hé Dáithí? | Who is David? |
| 5. | An maith le Sorcha Daithí? | Does Sorcha like David? |
| 6. | Cé mhéad pictiúr a bhí ann? | How many paintings were there? |
| 7. | Cé hí Nicola agus cén baint atá aici le Ciarán? | Who is Nicola and what is her connection to Ciarán? |
| 8. | Cad a bhí cearr le Nicola agus Ciarán? | What was wrong with Nicola and Ciaran? |
| 9. | Cén fáth go raibh eagla ar Shorcha? | Why was Sorcha afraid? |
| 10. | Cad a bhí aisteach faoi na pictiúir? | What was strange about the paintings? |
| 11. | An maith leat dul chuig dánlanna? | Do you like to go to picture galleries? |
| 12. | An bhfuil tú féin go maith ag péinteáil? | Are you good at painting? |